Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10696 – ARAMCO OVERSEAS COMPANY / BP EUROPA / LOTOS – AIR BP POLSKA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 351/04)

1. An 7 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Aramco Overseas Company B.V. ("AOC", an Ísiltír), faoi rialú Saudi Arabian Oil Company (an Araib Shádach),

— BP Europa SE ("BP Europa", an Ghearmáin), faoi rialú BP p.l.c. (an Ríocht Aontaithe),

— Lotos – Air BP Polska sp. z o.o. (an "Spriocghnóthas", an Pholainn).

Gheobhaidh AOC agus BP Europa rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn AOC réimse leathan seirbhísí dá bhfiontair chleamhnaithe i ngrúpa Aramco na hAraibe Sádaí lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta airgeadais, bainistiú an tslabhra soláthair agus cineálacha éagsúla seirbhísí tacaíochta riaracháin,

— Déanann BP Europa formhór oibríochtaí BP sa Pholainn, lena n-áirítear soláthar breosla bóthair trína stáisiúin pheitril féin agus trí dhéileálaithe agus díolachán bealaí, tríd an mbranda Castrol san áireamh. Ní sholáthraíonn ná ní dhíolann BP breoslaí eitlíochta sa Pholainn faoi láthair,

— Is comhfhiontar é an Spriocghnóthas atá faoi rialú comhpháirteach Grupa Lotos S.A. agus BP Europa agus atá gníomhach i ndíolachán scaird-bhreosla JET-A1 agus gásailín eitlíochta, agus in athbhreoslú aerárthach leis na breoslaí eitlíochta sin ag aerfoirt atá lonnaithe sa Pholainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10696 – ARAMCO OVERSEAS COMPANY / BP EUROPA / LOTOS – AIR BP POLSKA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË